Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14183/25
PV CONS 51
SOC 675
EMPL 442
SAN 640
CONSOM 227
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

17 Deireadh Fómhair 2025

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre mar a leagtar amach in 13660/25 é.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 13744/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR
agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

(b) **Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 13745/25

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

1. **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle maidir leis an dréachtbhuiséad le haghaidh 2026** S C 13726/25 FIN
*Neamh-fhormheas an leasaithe (na leasuithe) ó Pharlaimint na hEorpa*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 15.10.2025

Dhearbhaigh an Chomhairle nach féidir léi na leasuithe uile ar an seasamh ón gComhairle maidir leis an dréachtbhuiséad le haghaidh 2026 a fhormheas má ghlacann Parlaimint na hEorpa iad agus d'fhormheas sí an dréachtlitir chuig Parlaimint na hEorpa chuige sin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad thuas.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Conclúidí maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil** 2 13244/25 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na 'Conclúidí maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil', mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad. Thíolaic an Bhulgáir agus an Ungáir ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

4. **An fuath, an t-idirdhealú agus an foréigean in aghaidh daoine LADTIA a chomhrac** ⧉ 13236/25 + COR 1
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le 'An fuath, an t-idirdhealú agus an foréigean in aghaidh daoine LADTIA a chomhrac', faoi threoir an nóta ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

5. **Conclúidí maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas tríd an maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn** ⧉ 13386/25 **+ COR 1 (mt) + REV 1 (de) + REV 2 (fr)**
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na 'Conclúidí maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas tríd an maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn', mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

6. **Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn san Aontas: dúshláin, dul chun cinn agus an treo a rachfar amach anseo** ⧉ 13392/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le 'Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn san Aontas: dúshláin, dul chun cinn agus an treo a rachfar amach anseo', faoi threoir an nóta ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

7. (a) **An tInnéacs Comhionannais Inscne, lena n-áirítear fócas téamach ar steiréitíopaí inscne**[1] ⧉ 13456/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ar fáil.

1 I láthair Stiúrthóir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE).

**(b) Imeachtaí uachtaránachta:** [2] 13472/25

**(i) Comhdhálacha ardleibhéil**

1. Beartas comhionannais

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

2. Beartas sóisialta

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(ii) Cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta (Aalborg, an 7-8 Iúil 2025)**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(c) Tuarascáil bhliantúil 2025 ar dhul chun cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú** [2] 13455/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisinéir um Chomhionannas, agus um Ullmhacht agus Bainistíocht Ghéarchéime ar fáil ina tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú.

**(d) Tionscnamh le haghaidh Lá Eorpach na dTeangacha Comharthaíochta** [2] 13453/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Ungáir, le tacaíocht ón nGearmáin, ón nGréig, ón Spáinn, ón Iodáil, ón gCipir, ón bPolainn, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil. Chuir an Bheilg, an Bhulgáir, Éire, an Chróit agus an tSualainn in iúl ó bhéal go dtacaíonn siad leis an tionscnamh sin.

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

## <u>RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA NEAMHREACHTACHA 'A' A LEAGTAR AMACH IN 13660/25</u>

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Conclúidí maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil**<br>*Formheas* |

### RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an téarma 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar 'seansanna agus deiseanna comhionanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil*.'

### RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

'Is mór an tábhacht, dar le Poblacht na Bulgáire, a bhaineann le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus is cuid thábhachtach de sin é an comhionannas idir mná agus fir. Tá an tír tiomanta do phrionsabail agus do luachanna an Aontais Eorpaigh, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leanfaimid de bheith tiomanta dóibh.

Tá Poblacht na Bulgáire fíorthiomanta do chomhrac an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Tá rialtas agus sochaí shibhialta na Bulgáire ag obair go gníomhach chun na cineálacha sin foréigin a chosc agus chun tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin sin. Mar léiriú ar an tiomantas sin, thacaigh an tír freisin le glacadh Threoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac mar chloch mhíle thábhachtach chun foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac, íospartaigh a chosaint agus ciontóirí a phionósú, a thacóidh le Ballstáit an Aontais a reachtaíocht náisiúnta a chur chun cinn.

Sa ráiteas a tugadh nuair a glacadh Treoir (AE) 2024/1385 tagraítear, i measc nithe eile, don chinneadh ó Chúirt Bhunreachtúil na Bulgáire a glacadh in 2018, ina luaitear go gcuirtear chun cinn le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla a bhaineann leis an gcoincheap 'inscne' nach bhfuil ag luí le bunphrionsabail Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire. Thairis sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an coincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht a úsáid ina chiall bhitheolaíoch (fir agus mná) agus sa chiall sin amháin.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, agus an Ráiteas uaithi a rinne sí ar ghlacadh Threoir (AE) 2024/1385 á athdhearbhú aici, tacaíonn Poblacht na Bulgáire le glacadh na gConclúidí, agus athdhearbhaíonn sí ag an am céanna go léirmhíníonn sí an téarmaíocht uile a bhaineann le hinscne go docht faoi chuimsiú choincheap dénártha an ghnéis agus faoi sin amháin.'